*Féadfaidh na bardais, na cathracha nó na réigiúin sin ar spéis leo é téacs an rúin shamplaigh thíos a chur in oiriúint do shainiúlachtaí a gcomhthéacs áitiúil nó réigiúnaigh féin.*

**Rún samplach ón gComhairle Bardais/Cathrach/Réigiúnach MAIDIR LE ______________________ (ainm na cathrach/an réigiúin) A DHEARBHÚ mar 'Áit Shábháilte do Mhná'**

Comhairle Bardais/Réigiúnach (scrios de réir mar is cuí) ______________________ (ainm na cathrach/an réigiúin),

- ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine,
- ag féachaint d'Airteagal 2 agus d'Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),
- ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus do chásdlí gaolmhar na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine,
- ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl),
- ag féachaint do Thogra ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 le haghaidh Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac,
- ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *Aontas an Chomhionannais: an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025*,
- ag féachaint don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE,
- ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2020 ar straitéis Eorpach chun an ciorrú ball giniúna ban a dhíothú ar fud an domhain,
- ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in Aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW),
- ag féachaint do Choinbhinsiún Uimh. 190 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh a Dhíothú i Saol na hOibre,
- ag féachaint do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe Uimh. 5 na Náisiún Aontaithe 'Comhionannas Inscne',
- ag féachaint don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2021 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac: cibearfhoréigean,
- ag féachaint don rún ó Chomhairle Réigiúnach Valencia maidir leis an réigiún a dhearbhú mar 'Áit Shábháilte do Mhná'.

A. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais Eorpaigh é prionsabal an chomhionannais idir mná agus fir a chumhdaítear sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

B. de bhrí gur freagracht chomhroinnte é foréigean inscnebhunaithe san Aontas Eorpach a chomhrac, comhrac a bhfuil iarrachtaí agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha ag teastáil ina chomhair ar gach leibhéal den rialtas, agus go háirithe ar leibhéal na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, a bhfuil ról lárnach acu ina leith, ós iad is gaire don phobal ar leibhéal na cosmhuintire;

C. de bhrí gur réamhchoinníoll é deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe, ar a n-áirítear foréigean fireann in aghaidh na mban agus na gcailíní, má táthar chun fíor-chomhionannas inscne a bhaint amach;

D. de bhrí go ndearnadh foréigean fisiciúil ar 31 % de na mná san Aontas Eorpach, gur éigníodh 5 % díobh, go maraítear amuigh is istigh ar 50 bean san Aontas in aghaidh na seachtaine de dheasca foréigean inscnebhunaithe agus go ndearna a bpáirtí nó a gcéile foréigean síceolaíoch de chineál éigin ar 43 % díobh, d'ainneoin go meastar gur fánach a dhéantar eachtraí foréigin den sórt sin a thuairisciú;

E. de bhrí go gcuirtear cearta bunúsacha áirithe i mbaol de dheasca foréigean inscnebhunaithe, bíodh sin ar líne nó as líne, agus de dheasca easpa rochtana ar chosaint leordhóthanach, ar a n-áirítear an ceart chun na beatha, an ceart chun dínit an duine, an ceart chun iomláine choirp agus mheabhrach, toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe, an ceart chun saoirse agus slándála agus an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh;

F. de bhrí gur cheart marú ban agus cailíní atá inscnebhunaithe (feimeamharú) a áireamh ina chatagóir coireanna faoi leith ar an ábhar nach dtugann an téarma 'dúnbhású', atá neodrach ó thaobh inscne de, a cheart do réaltachtaí an neamhionannais, an leatroim agus an fhoréigin chórasaigh a dhéantar ar mhná;

G. de bhrí gur cheart foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse coireachta san Aontas faoi na Conarthaí;

H. de bhrí gur sárú ar an gceart chun saoirse, ar an gceart chun dínit an duine, agus ar an gceart chun iomláine choirp iad na cleachtais maidir le luathphósadh, pósadh éigeantais agus ciorrú ball giniúna ban, cleachtais a chuirtear ar aghaidh trí thraidisiúin agus tríd an gcultúr;

I. de bhrí gur ríthábhachtach do chumhachtú iomlán na gcailíní deireadh a chur le steiréitíopaí inscne agus críoch a chur le cleachtais dhiansmachtúla inscne trí churaclaim fhorásacha oideachais; tá ról lárnach ag na timthriallta oideachais réamhscolaíochta, bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta chuige sin;

J. de bhrí gur dlúthchuid de churaclaim fhorásacha den sórt sin é oideachas cuimsitheach caidrimh agus gnéasoideachas a bheith ann, lena n-áirítear cláir speisialaithe oideachais do bhuachaillí; tá ról bunúsach aige sin sa chomhrac i gcoinne foréigean inscnebhunaithe, fuath ban agus steiréitíopaí inscne;

K. de bhrí go bhfuil sé an-tábhachtach nach gcuirfidh na húdaráis phoiblí suas le híomhánna idirdhealaitheacha de mhná nó d'íomhánna ina dtaispeántar mná amhail is gur rud ábhartha/sealbha saolta atá iontu a chur ar taispeáint san fhógraíocht in áiteanna poiblí, má táthar chun deireadh a chur leis na steiréitíopaí inscne as a n-eascraíonn foréigean inscnebhunaithe;

L. de bhrí go bhfuil an-tábhacht le príomhshruthú inscne agus le buiséadú inscne chun a chinntiú go bhfónann gach beartas do mhná; ba cheart na beartais sin a chur faoi réir dianmheasúnuithe tionchair inscne;

Agus an méid seo thuas á chur san áireamh, beartaíonn Comhairle Bardais/Cathrach/Réigiúnach (scrios de réir mar is cuí) ______________________:

1. ______________________ (ainm na cathrach/an réigiúin) a dhearbhú mar 'Áit Shábháilte do Mhná', agus a bheith tiomanta do bheartais phoiblí lena n-áirithítear sábháilteacht na

mban ar thaobh amháin, agus lena ngearrtar pionós go sainráite ar aon chineál foréigin inscnebhunaithe ar an taobh eile, agus rannpháirtíocht iomlán agus chothrom na mban le linn an phróisis sin á háirithiú;

2. rochtain dhíreach gan bhriseadh ar sheirbhísí tacaíochta speisialaithe, slána agus cuimsitheacha a áirithiú d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, an foréigean teaghlaigh agus gnéasach san áireamh;
3. freagairt phras a áirithiú ó thaobh na seirbhísí atá inniúil maidir le clárú neamh-idirdhealaitheach teagmhas foréigin inscnebhunaithe agus láimhseáil na dteagmhas sin, agus foráil a dhéanamh do bhearta le haghaidh cosaint éifeachtach láithreach íospartach agus a leanaí;
4. oiliúint maidir le híogaireacht ó thaobh inscne de a chur ar fáil do phóilíní, údaráis phoiblí agus baill foirne in ionaid speisialaithe glactha, lena n-áirítear in ionaid dídine, le haghaidh mná ar íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe iad; tabharfar tús áite do chéadfhreagróirí maidir leis an oiliúint sin;
5. sonraí riaracháin a bhailiú maidir le foréigean arna dhéanamh ag páirtí dlúthchaidrimh agus marú ban agus cailíní atá inscnebhunaithe (feimeamharú), rud ba chuidiú chun an méid sin a chosc agus a chomhrac;
6. beartas neamhfhulaingthe a chur i bhfeidhm maidir le fógraíocht ghnéasaíoch, lena n-áirítear i spásanna poiblí agus ar chórais iompair phoiblí, óir cuirtear chun cinn leis an bhfógraíocht sin steiréitíopaí díobhálacha inscne;
7. sábháilteacht agus riachtanais na mban a chur san áireamh go córasach agus bearta buiséadacha á gcinneadh maidir le seirbhísí poiblí, cuir i gcás soilsiú poiblí, an t-iompar poiblí nó acmhainní i seirbhísí sóisialta a bhíonn ag plé le híospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe;
8. cláir/oiliúint/cuir i láthair oideachais a eagrú i scoileanna agus in ollscoileanna chun curaclaim chaidrimh agus curaclaim ghnéasachta a chomhlánú agus chun feasacht a mhúscailt ó aois an-óg maidir leis an tionchar atá ag an gciapadh inscnebhunaithe agus an foréigean inscnebhunaithe;
9. a bheith airdeallach i gcónaí agus smachtbhannaí a ghearradh láithreach i gcásanna gáinneála ar dhaoine agus cleachtas atá díobhálach do mhná agus do chailíní (ciorrú ball giniúna ban, luathphósadh agus pósadh éigeantais, steiriliú éigeantais);
10. a bheith airdeallach i gcónaí agus gan cur suas le haon chineál cibearfhoréigin inscnebhunaithe;
11. feasacht an phobail maidir le foréigean inscnebhunaithe a mhúscailt trí fheachtais chumarsáide, a bheidh dírithe freisin ar íospartaigh a chur ar an eolas faoi sheirbhísí tacaíochta agus conas teacht orthu; cuirfear béim ar leith ar fheachtais den sórt sin thart faoin am a bheidh an Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú an Fhoréigin in aghaidh na mBan ann (25 Samhain);
12. ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla in eagrú agus in obair údaráis áitiúil/réigiúnaigh XXX.